**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**
**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2002**

S.41T

471

❒ *Scríobh do SCRÚDUIMHIR anseo.* ☛

# CEOL

## ARDLEIBHÉAL

**ÉISTEACHT, CUMADÓIREACHT AGUS STAIDÉAR GINEARÁLTA** (300 marc)

Dé Luain, 17 Meitheamh - Tráthnóna, 2.00 - 4.00

**DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN**
**FOR EXAMINER ONLY**

Móriomlán na Marcanna

| | |
|---|---|
| 1. Suim na n-iomlán deireadh leathanaigh<br>**Total of end of page totals** | |
| 2. Mór-iomlán na gceisteanna/ceiste nár ceadaíodh<br>**Aggregate total of all disallowed question(s)** | |
| 3. An t-ollmharc cruinn a bronnadh (1 lúide 2)<br>**Total mark awarded (1 minus 2)** | |
| 4. Breismharc do fheagairt trí mheán na Gaeilge (más i gceist)<br>**Bonus mark for answering through Irish (if applicable)** | |
| 5. Marc iomlán má bronnadh breismharc do fhreagairt trí Ghaeilge (3+4)<br>**Total mark awarded if Irish bonus (3+4)** | |
| **Nóta:** Caithfidh an marc i líne 3 (nó líne 5 má bronnadh breismharc do fhreagairt trí mheán na Gaeilge) a bheith cothrom leis an marc sa bhosca **Mór Iomlán** ar an script.<br>Note: **The mark in row 3 (or row 5 if an Irish bonus is awarded) must equal the mark in the** Mór-Iomlán **box on the script.** | |

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |
| Bónas don Ghaeilge | |
| Móriomlán | |
| Grád | |

## TREORACHA AR LEITH

- *Freagair mar seo a leanas:*

| | | |
|---|---|---|
| ***I - Éisteacht:*** | *Gach ceist ó 1 go dtí 5 san áireamh* |
| ***II - Cumadóireacht:*** | *(a) Ceist 6, Ceist 7* ***agus*** *Ceist 8 in éineacht* ***nó*** *(b) Ceist 9 amháin* |
| ***III - Staidéar Ginearálta:*** | *Ceist 10* |

- *I ráitis ina dtugtar rogha,* ***cuir fáinne thart ar an ráiteas atá ceart, dar leat, nó tarraing líne faoi.***

- *Tabharfar CÚIG nóiméad duit i dtús báire chun na sé cheist thosaigh a léamh (is é sin, ceisteanna 1 go dtí 6).*

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- *Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an triailsliocht. Mura gcloiseann tú an taifeadadh go soiléir, labhair leis an bhfeitheoir láithreach bonn.*

- *Éist, freisin, leis an ngíog rabhaidh agus le fógairt gach ceiste ar an gcaiséad.*

- *Ní miste do chuid freagraí a scríobh fad atá an taifeadadh ar siúl nó i rith na sosanna.*

- *Scríobh do chuid freagraí go léir sna spásanna atá ann dóibh i* ***LEABHAR SEO NA GCEISTEANNA AGUS NA BHFREAGRAÍ****.*

- *Is cóir na leathanaigh bhána atá i lár agus i ndeireadh an leabhair a úsáid do shracobair.*

- *Iarr ar an bhfeitheoir páipéar breise nó lámhscríbhinn cheoil bhreise a thabhairt duit, más gá.*

- *Ná tabhair isteach aon pháipéar eile i halla an scrúdaithe.*

- *Ní ceadmhach duit caint, cnagadh ná crónán a dhéanamh ná canadh nuair a bheidh an scrúdú ar siúl.*

# I - ÉISTEACHT

**C.1** | ***AMHRÁIN DUALGAIS*** | ***30 marc***

❐ *Déanfar TRÍ shliocht a sheinm DHÁ uair.*

❐ *Freagair A, B, C agus D.*

**A** Ainmnigh an t-amhrán seo ... ... _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Is í an tonúlacht ná ... ... ... ... ■ mór ■ mion ■ módúil *(8)*

**B** Is é cumadóir an amhráin seo ná _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Is éard atá ann ná ... ... ... ... ... ■ léimeanna an ochtaigh ■ seicimh shéiseacha ■ tríphléadaigh *(8)*

**C** Is é atá sa stíl seo de cheol eaglasta ná ... ... ... ... ... ... ... _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Luaigh gné cheoil amháin ... ...

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(8)*

❐ *Seo é sliocht as ceann amháin de na hamhráin atá díreach cloiste agat:*



**D** Is í oscailt an amhráin seo í ■ 1 ■ 2 ■ 3 *(6)*

❐ *Beidh sos gairid anois ann chun do fhreagra a chomhlánú.*

❒ *Déanfar sliocht as ceann amháin de do shaothair dhualgais a sheinm TRÍ huaire.*

❒ *Tá imlíne an cheoil clóbhuailte thíos.*

**Go háthasach** *(Allegro)*



❐ *Freagair A, B agus C.*

**A** Ainmnigh an saothar as ar baineadh an ghluaiseacht seo … _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Is é an cumadóir ná … … … … _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Is é atá sa sliocht seo ná… … … ■ sraith ■ coinséartó ■ siansa

Mínigh do fhreagra go gearr … _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(8)*

**B** Liostaigh CEITHRE uirlis a sheinntear ó bharraí 1–6

(i) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ (ii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ (iv) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(4)*

**C** Cén uirlis aonair ar a seinntear an tséis ó bharraí 7–15? … … … _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Seinntear iad seo ar na huirlisí ísle … … … … … … … ■ cordaí briste ■ scálaí ag dul suas ■ nótaí creathánacha *(6)*

❐ *Anois éist leis an gcéad chuid eile nach bhfuil clóbhuailte anseo. Cloisfidh tú DHÁ uair é.*

❐ *Freagair D agus E.*

**D** Cuir isteach na focail atá ar iarraidh
Tosaíonn an sliocht seo leis an _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ théama i _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ ghléas.

Luaigh DHÁ ghné shéiseach i bpáirt na n-aonréadaithe.

1 _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2 _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(6)*

**E** Mínigh conas mar atá sé seo ina shampla de cheol tuairisciúil. Déan tagairt do ghnéithe ceoil.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(6)*

❐ *Beidh sos gairid anois ann chun do fhreagra a chomhlánú.*

- *Cloisfidh tú anois TRÍ dhréacht a sheinnfear DHÁ uair.*
- *Freagair A, B agus C.*

**Sliocht 1**

**A** Ainmnigh an uirlis ar a seinntear an tséis ar dtús …… ______________________

Luaigh DHÁ ghné thraidisiúnta de cheolchasadh an amhránaí …

1 ______________________

2 ______________________ *(8)*

**Sliocht 2**

**B** Is é atá sa rince seo ná ……… ______________________

Is é atá i mbarra de rithim tipiciúil ná …………………

*(6)*

**Sliocht 3**

**C** Luaigh na huirlisí a sheinntear leis an bhfeadóg stáin sa sliocht seo.

1 ______________________

2 ______________________

Déan cur síos gairid ar ról na feadóige stáin.

1 ar dtús: ______________________

2 nuair a sheinntear na trí uirlis le chéile: ______________________ *(12)*

- *Anois freagair D fad is atá an téip tostach.*

**D** Ní ceolchasadh sean-nóis a bhí i Sliocht 1. Tabhair sonraí na hamhránaíochta ar an sean-nós. Luaigh amhrán amháin a bhfhéadfaí a chanadh ar an gcaoi sin.

______________________

______________________

______________________

Ainm an amhráin: ……… ______________________ *(14)*

- *Beidh sos anois ann chun do fhreagra a chomhlánú.*

## C.4 DEACHTÚ 40 marc

- *Déanfar MÍR CEITHRE BHARRA a sheinm CÚIG huaire ar an bpianó.*
- *Beidh sos oiriúnach ann i ndiaidh gach seanma.*
- *Seinnfear an gléasnóta agus an corda tonach roimh gach babhta seanma.*
- *Cloisfidh tú an **chuisle** ar an méadranóm roimh agus i rith an **chéad dá sheinm amháin.***
- *Chun cabhrú leat, tugtar na **trí nóta tosaigh**.*
- *Freagair A, B agus C.*

**A** Cuir isteach na 10 NÓTA SÉISE atá ar iarraidh. *(20)*

**B** Scríobh an PATRÚN RITHIMEACH. *(16)*

**C** Cuir isteach na BARRALÍNTE. *(4)*

- *Bain úsáid as CEANN AMHÁIN de na roghanna seo thíos:*

I - Cliathnodaireacht



*NÓ*

II - Sólfá tonach

{| d :d | r : ..........................................................

*NÓ*

III - Comhcheangal batanodaireachta (nó nodaireachta eile) agus sólfá tonaigh

| | |
d d r |
..........................................................

- *Beidh sos fada anois ann chun do fhreagra a chomhlánú.*

## Réamhcheolta, Réamhdhréachtaí agus Idircheolta

❒ *Freagair A agus B. (Níl aon cheol ar an téip do na codanna seo).*

**A** Luaigh do SHAOTHAR ROGHNAITHE agus an CUMADÓIR sa chatagóir seo. *(Ná hainmnigh* The Four Seasons, L'Arlésienne Suite *nó* Ripples in the Rockpools *anseo).*

Saothar roghnaithe: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Cumadóir: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(4)*

**B** Imlínigh cúlra an tsaothair seo. Luaigh cathain a cumadh é, cén aidhm a bhí aige agus cén sórt grúpa a bhí i gceist.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(4)*

❒ *Cloisfidh tú anois DHÁ shliocht as saothar nár chuala tú cheana, b'fhéidir. Déanfar na sleachta a sheinm UAIR AMHÁIN.*

❒ *Freagair C.*

**C** Tá an t-amchomhartha céanna ag an dá shliocht. Is é atá ann ná … ■ $\frac{2}{4}$ ■ $\frac{3}{4}$ ■ $\frac{6}{8}$ *(2)*

❒ *Cloisfidh tú anois an CHÉAD sliocht a sheinnfear CEITHRE huaire. Ina dhiaidh sin, seinnfear an DARA sliocht CEITHRE huaire.*

❒ *Freagair D.*

**D** Cuir an dá shliocht i gcomparáid le chéile faoi na ceannteidil seo a leanas agus ticeáil na boscaí cuí. Freagraíodh an chéad chuid duit.

| | | Sliocht 1 | Sliocht 2 |
|---|---|---|---|
| **Ensemble (An t-iomlán le chéile)** | grúpa traidisiúnta | ☐ | ☐ |
| | banna snagcheoil | ☐ | ☐ |
| | ceolfhoireann chlasaiceach | ☑ | ☑ |
| | banna míleata | ☐ | ☐ |
| **Láine** | fanann sí mar an gcéanna | ☐ | ☐ |
| | éiríonn sí níos glóire diaidh ar ndiaidh | ☐ | ☐ |
| | téann sí i léig agus in éag | ☐ | ☐ |
| | sleachta glóracha agus boga codarsnachta | ☐ | ☐ |
| **Luas** | fanann sé mar an gcéanna | ☐ | ☐ |
| | éiríonn sé níos moille diaidh ar ndiaidh | ☐ | ☐ |
| | éiríonn sé níos mire diaidh ar ndiaidh | ☐ | ☐ |
| | athraíonn sé go minic | ☐ | ☐ |
| **Seinntear an tséis** | ar an trumpa | ☐ | ☐ |
| | ar an mbasún | ☐ | ☐ |
| | ar an bhfliúit | ☐ | ☐ |
| | ar an gcláirnéid | ☐ | ☐ |
| **Fine na cnaguirlise** | ní sheinntear í | ☐ | ☐ |
| | seinntear í ó bhun barr | ☐ | ☐ |
| | seinntear í sa chéad chuid amháin den sliocht | ☐ | ☐ |
| | seinntear í sa dara cuid amháin den sliocht | ☐ | ☐ |
| **Uigeacht** | tá an ceol monafónach | ☐ | ☐ |
| | tá an ceol homafónach | ☐ | ☐ |
| | is é atá ann ná séis agus cuntraséis | ☐ | ☐ |
| | is é atá ann ná séiseanna cuntraphointeacha | ☐ | ☐ |

*(6 X 5 = 30)*

❒ *Beidh sos fada ann anois chun do fhreagra a chomhlánú.*

# Sracobair

**C.6** **TRÍCHORDAÍ** **20 marc**

- *An véarsa thíos a sheinnfear UAIR AMHÁIN.*
- *Is é seo an dréacht deireanach a chloisfidh tú ar an téip.*
- *Freagair A, B, C agus D.*

# Fiddler's Green

W Connelly




**A** Cad iad LITIRAINMEACHA na dtrí nóta ag X? ……………… _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(6)*

**B** Déanann siad an tríchorda de …

■ A mion ■ D mion ■ C mór ■ F mór *(4)*

**C** Roghnaigh CEANN AMHÁIN de na barraí seo a leanas a n-oirfeadh an tríchorda seo don tséis ann: ………………………

■ barra 5 ■ barra 9 ■ barra 11 ■ barrra 15 *(5)*

**D** Sainaithin an tríchorda seo atá clóbhuailte ar an DORDchliath.



Is é an tríchorda atá ann ná…… _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(5)*

❐ *Freagair CEANN AMHÁIN díobh seo a leanas - A* ***nó*** *B* ***nó*** *C.*

## A MÍR A CHUR LE TÉACS A THUGTAR

❐ *Seo a leanas na ceithre líne thosaigh den dán* Requiem:

Under the wide and starry sky,
Dig the grave and let me lie;
Glad did I live and gladly die,
And I laid me down with a will.

*Robert Louis Stevenson*

❐ *Cuireadh ceol leis an gcéad dá líne thíos.*

❐ *Cum mír CEITHRE BHARRA de do chuid féin chun an tséis a chomhlánú. Déan do mhír fhreagrach* ***éagsúil*** *leis an mír oscailte.*

❐ *Bain úsáid as na treoirlínte seo a leanas:*

1 Scríobh patrún RITHIME a d'oirfeadh d'fhocail an véarsa atá fágtha.
2 Cuir isteach nótaí SÉISE oiriúnacha i ngléas D don rithim seo. *(27)*
3 Críochnaigh ar an nGLÉASNÓTA nó 'DÓ'. *(4)*
4 Cuir isteach na focail nó na siollaí faoi na nótaí cearta. *(4)*

**Ar luas siúil** *(Andante)*




**Rithim**

**Séis**



*NÓ*

## B MÍR A CHUR LE HOSCAILT A THUGTAR

❐ *Déan staidéar ar an oscailt seo:*

**Rithim**



**Séis**

**Meánach** *(Moderato)*



❐ *Anois comhlánaigh an tséis seo thuas mar seo a leanas:*

1 Cuir TRÍ bharra leis an bpatrún rithime a thugtar.
2 Cum SÉIS i ngléas B maol don rithim seo. *(27)*
3 Críochnaigh ar an nGLÉASNÓTA nó 'DÓ'. *(4)*
4 Cuir isteach MÍRIÚ oiriúnach. *(4)*

*NÓ*

## C MÍR FHREAGRACH

❐ *Déan staidéar ar an mír oscailte ceithre bharra seo:*

**Mear** *(Allegro)*



**Rithim**



**Séis**



❐ *Anois cum mír '**fhreagrach**' chun an tséis a chríochnú. Déan do mhír fhreagrach **éagsúil** leis an mír oscailte, mar seo a leanas:*

1 Scríobh patrún rithime CEITHRE BHARRA.
2 Cum SÉIS oiriúnach i ngléas D don rithim seo. *(27)*
3 Críochnaigh ar an nGLÉASNÓTA nó 'DÓ'. *(4)*
4 Cuir isteach MÍRIÚ oiriúnach. *(4)*

❒ *Freagair CEANN AMHÁIN díobh seo a leanas - A **nó** B **nó** C.*

## A SÉISNÓTAÍ AGUS DORDNÓTAÍ AG DÚNTAÍ DO MHÉARCHLÁR

❒ *Déan staidéar ar an dréacht neamhiomlán seo a leanas agus ansin freagair na ceisteanna thíos.*

**Cuíosach mear** *(Allegretto)*







❒ *Cuir isteach séisnótaí agus dordnótaí chun iad seo a leanas a dhéanamh:*

1 Ag 'X', dúnadh BRISTE (V - vi) *(12)*
2 Ag 'Y', dúnadh NEAMHFHOIRFE (ii - V) *(12)*
3 Ag 'Z', dúnadh FOIRFE le réamhchorda (IV - V - I) *(21)*

*NÓ*

## B CORDAÍ AG DÚNTAÍ DO CHÓR SATD

❒ *Déan staidéar ar an dréacht neamhiomlán seo a leanas agus ansin freagair na ceisteanna thíos.*

**Ar luas siúil** *(Andante)*






❒ *Cuir isteach páirteanna le haghaidh a trí nó a ceathair de ghuthanna, de réir mar is cuí, chun iad seo a leanas a dhéanamh:*

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Ag 'X', dúnadh BRISTE (V - vi) | *(12)* |
| 2 | Ag 'Y', dúnadh NEAMHFHOIRFE (ii - V) | *(12)* |
| 3 | Ag 'Z', dúnadh FOIRFE le réamhchorda (IV - V - I) | *(21)* |

*NÓ*

## C CORDAÍ TACAÍOCHTA

❒ *Déan staidéar ar an bhfonn seo a leanas. Tá sé i gceist go mbeadh tionlacan cordúil á thacú.*

### The Three Flowers

Norman G Reddin




❒ *Cuireann an chéad shiombail taobh thuas den cheol an corda D in iúl.*

❒ *Anois líon isteach na boscaí eile, mar seo a leanas:*

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Roghnaigh siombail oiriúnach mar chorda tacaíochta i ngach bosca. | *(5X9 = 45)* |
| 2 | NÁ bain úsáid as uimhreacha Rómhánacha (mar shampla, I, ii, IV, ⁊rl.) | |
| 3 | NÁ bíodh an tsiombail chéanna ann dhá uair as a chéile. | |

**NB: D'iarrthóirí nach roghnaíonn Ceist 6 ná Ceist 7 ná Ceist 8 amháin.**

❒ *Freagair A NÓ B.*

**A**
1. Cuir buncheol de do chuid féin le CEANN AMHÁIN de na véarsaí (i) nó (ii) nó (iii) thíos.
2. Bíodh sé oiriúnach don ghuth/do na guthanna agus don uirlis/do na huirlisí is rogha leat.
3. Ainmnigh na guthanna/na huirlisí sin ar an scór. *(100)*

*NÓ*

**B**
1. Cum dréacht gairid a léireoidh modh agus téama CEANN AMHÁIN de na véarsaí seo thíos.
2. Ainmnigh an uirlis/na huirlisí a roghnaíonn tú ar an scór. *(100)*

(i) **The Vulture**

The vulture eats between his meals
And that's the reason why,
He very, very rarely feels
As well as you or I.

*Hilaire Belloc*

(ii) **The Garden Year**

January brings the snow,
Makes our feet and fingers glow.
February brings the rain,
Thaws the frozen lake again.

*Sara Coleridge*

(iii) **An Pháirc**

Níl le feiceáil anois
Ach bathais na gréine
Ag sciorradh i dtalamh
I gciúnas an tráthnóna.

*Micheál Ó Conghaile*

# III - STAIDÉAR GINEARÁLTA

**C.10** **20 marc**

- *Freagair A agus B.*
- *NÁ roghnaigh dréachtaí as d'amhráin dualgais, as do shaothair dhualgais nó as an gceol Gaelach mar ábhar.*
- *Abair go bhfuil tú chun caint a thabhairt ar an raidió mar gheall ar do staidéar ginearálta. Glac leis na treoracha thíos.*

**A** Ainmnigh do **staidéar ginearálta:** ………………… _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**B** Mínigh cad tá suimiúil mar gheall ar an gceol a ndearna tú staidéar air, dar leat. Bíodh sonraí de DHÁ dhréacht a sheinnfidh tú don lucht éisteachta san áireamh agat.

Is é an chéad dréacht a roghnaigh mé ná

Teideal an dréachta: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(2)*

Cumadóir: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _
*nó*
Oirfideach: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(2)*

Ceapaim go bhfuil an ceol a ndearna mé staidéar air suimiúil mar _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(6)*

Is é an dara dréacht a roghnaigh mé ná

Teideal an dréachta: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(2)*

Cumadóir: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _
*nó*
Oirfideach: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(2)*

Ceapaim go bhfuil an ceol a ndearna mé staidéar air suimiúil mar _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(6)*

## Sracobair